Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 29 Márta 2017
(OR. en)

7707/17

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2016/0282 (COD)**

AGRI 164
AGRILEG 65
AGRIFIN 32
AGRISTR 29
AGRIORG 33
CODEC 490

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 12187/16 + ADD1, ADD 2 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh 2012/2002, Rialacháin (AE) Uimh 1296/2013, (AE) 1301/2013, (AE) Uimh 1303/2013, AE. Uimh 1304/2013, (AE) Uimh 1305/2013, (AE) Uimh 1306/2013, (AE) Uimh 1307/2013, (AE) Uimh 1308/2013, (AE) Uimh 1309/2013, (AE) Uimh 1316/2013, (AE) Uimh 223/2014, (AE) Uimh 283/2014, (AE) Uimh 652/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh Uimh 541/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (Togra Omnibus)<br>- An staid mar atá agus malartú tuairimí |

San Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo, tá tuarascáil ar an dul chun cinn a rinneadh sa phlé maidir leis na forálacha faoi thalmhaíocht sa togra thuasluaite, arna hullmhú faoi fhreagracht na hUachtaranachta í féin.

Iarrtar ar na hairí tuairimí a mhalartú ag an gcruinniú a bheidh ag an gComhairle Talmhaíochta agus Iascaigh ar an 3 Aibreán maidir leis na príomh-shaincheisteanna atá fós gan réiteach sa phacáiste comhréitigh foriomlán, mar atá leagtha amach i Roinn 5 den tuarascáil, ionas go dtabharfaí treoir pholaitiúil don Choiste Speisialta um Thalmhaíocht le go mbeadh sé in ann teacht ar chomhaontú maidir leis an bpacáiste comhréitigh ar an 10 Aibreán 2017.

**Tuarascáil ón Uachtaránacht ar an staid mar atá i ndáil leis an bplé ar an togra "Omnibus" i dtaca lena fhorálacha talmhaíochta**

1. Réamhrá

Thíolaic an Coimisiún an togra "Omnibus" ar an 14 Meán Fómhair 2016.

Tá an togra mar chuid den athbhreithniú ar an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) agus áirítear ann leasuithe ar chúig cinn déag de ghníomhartha dlíthiúla atá ann cheana, lena n-áirítear gach ceann de na ceithre ghníomh bhunúsacha lena mbunaítear an creat reatha dlíthiúil don Chomhbheartas Talmhaíochta (CBT): Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 (forbairt tuaithe), Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 (an rialachán "cothrománach"), Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 (íocaíochtaí díreacha) agus Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 (comheagrú na margaí).

2. Bunús dlí

Maidir leis na forálacha talmhaíochta, is iad Airteagal 42 agus Airteagal 43(2) CFAE an bunús dlí is infheidhme.

3. Cuspóir

Is é an togra seo an dara céim den simpliú atá á dhéanamh ar CBT. Tagann sé sna sála ar roinnt sraitheanna modhnuithe a rinneadh chun na treoirlínte ón gCoimisiún agus reachtaíocht thánaisteach a shimpliú. Is é cuspóir an tsimplithe go ndéanfaí an t-ualach a laghdú agus an saol a éascú d'fheirmeoirí agus do na húdaráis náisiúnta agus réigiúnacha.

4. An plé go dtí seo

Thíolaic an Coimisiún an chuid den togra a bhaineann leis an talmhaíocht ag an gcruinniú den Choiste Speisialta um Thalmhaíocht (CST) ar an 26 Meán Fómhair 2016 agus ag an gcruinniú den Chomhairle Talmhaíochta agus Iascaigh ar an 10 Deireadh Fómhair 2016. Rinne an Coiste Speisialta mionscrúdú ar an togra ag naoi gcinn de chruinnithe (ceithre cinn le linn na hUachtaránachta SK cúig cinn le linn na hUachtaránachta MT).

Scrúdaigh an Coiste Speisialta um Thalmhaíocht **pacáiste comhréitigh** na hUachtaránachta, atá le fáil in 7527/1/17 REV 1, ar roinnt ócáidí agus tháinig siad ar chomhaontú leathan ina leith.

Sa phacáiste comhréitigh, áirítear beagnach gach leasú a mhol an Coimisiún (a raibh athruithe dréachtaithe ag gabháil le roinnt acu) ós rud é go n-aontaíonn tromlach na dtoscaireachtaí go gcabhróidh siad sin leis an simpliú. D'ainneoin sin, dhiúltaigh beagnach gach toscaireacht glacadh leis an moladh a rinne an Coimisiún go bhfaighfí réidh leis an riail ar a dtugtar an **"riail 50/50"** do chomhroinnt íocaíochtaí neamh-inghnóthaithe, neamhrialta. Dá bhrí sin, níor cuireadh é sin sa phacáiste comhréitigh.

5. Na príomh-shaincheisteanna atá fós gan réiteach

An-chuid de na saincheisteanna is mó atá fós gan réiteach, baineann siad le Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 (**íocaíochtaí díreacha**).

I measc iad sin, is ceist lárnach í **ceist na tacaíochta cúpláilte deonaí** (Airteagal 52 agus Airteagal 53). Féadfaidh na toscaireachtaí ar fad glacadh leis an téacs comhréitigh a mhol an Uachtaránacht maidir le hAirteagal 52. Is féidir le formhór na dtoscaireachtaí glacadh leis an bhfoclaíocht chomhréitigh i ndáil le Airteagal 53, lena bhféadfadh na Ballstáit athbhreithniú a dhéanamh ar a gcuid cinntí náisiúnta gach bliain. Mar sin féin, measann roinnt toscaireachtaí, agus an t-ionadaí ón gCoimisiún gur céim iomarcach é an leasú sin nach gcabhródh leis an simpliú.

Ina theannta sin, tá roinnt toscaireachtaí atá ag éileamh leasuithe breise maidir le tacaíocht chúpláilte dheonach i dtaca leis an méid seo a leanas: (i) na táirgí dá bhféadtar tacaíocht chúpláilte a thabhairt; (ii) tacaíocht bhreise do bharra próitéine; agus (iii) an mhodheolaíocht chun déileáil le haon sárú a dhéanfaí ar na teorainneacha cainníochtúla atá leagtha síos maidir le híocaíochtaí cúpláilte. Mar sin féin, chuir roinnt toscaireachtaí eile, agus an t-ionadaí ón gCoimisiún i gcoinne aon leasú den sórt sin a chur sa phacáiste comhréitigh, mar gheall go háirithe ar na himpleachtaí a bheadh ann i ndáil le EDT.

Saincheist eile atá fós gan réiteach is ea réimeas na **bhfeirmeoirí óga**. Tacaíonn formhór na dtoscaireachtaí leis an moladh ón Uachtaránacht, nó ar a laghad is féidir leo glacadh leis an moladh, .i. go ndiúltófaí do leasuithe an Choimisiúin agus go gcoinneofaí an *status quo*. Mar sin féin, is oth le roinnt toscaireachtaí eile é sin, ós rud é go measann siad gur simpliú úsáideach a bheadh i gceist le moladh an Choimisiúin agus gur cheart é a choinneáil mar rogha, ar a laghad. Tá an t-ionadaí ón gCoimisiún i gcoinne na hathruithe a bheith roghnach ós rud é go gcuirfeadh sé sin go mór leis an liosta fada roghanna atá ann don chur chun feidhme.

Baineann an tríú saincheist atá fós gan réiteach le clásal na **bhfeirmeoirí gníomhacha**. Tacaíonn na toscaireachtaí ar fad leis an tsolúbthacht a thabharfaí isteach faoin Airteagal 9(7) nua. Is féidir le formhór na dtoscaireachtaí tacú freisin leis an Airteagal nua, Airteagal 9(8), lena mbeadh clásal na bhfeirmeoirí gníomhacha roghnach ó 2018. Mar sin féin, ní thacaíonn roinnt toscaireachtaí leis an bhforáil sin, agus b'fhearr leo cur chuige comhchuibhithe a choinneáil do na Ballstáit ar fad.

An tsaincheist deiridh atá fós gan réiteach maidir le híocaíochtaí díreacha is iarratas atá ann ó roinnt de na toscaireachtaí go gcuirfí téacs breise le hAirteagal 11 lena mbeadh sé soiléir gur féidir leis na Ballstáit a gcuid cinntí a athrú i ndáil le híocaíochtaí díreacha áirithe a **uasteorannú**. Tá sé curtha in iúl cheana ag ionadaí an Choimisiúin go bhféadfadh an institiúid sin ráiteas a eisiúint lena ndeimhneofaí go bhfuil sé sin indéanta cheana féin.

A mhéid a bhaineann le Rialachán 1305/2013 (**forbairt tuaithe**), tá amhras ar roinnt toscaireachtaí maidir leis na coinníollacha éagsúla is infheidhme i gcás ina gcuirtear tacaíocht ar fáil i bhfoirm ionstraimí airgeadais. Áitíonn ionadaí an Choimisiúin gur den riachtanas é go ndéanfaí úsáid na n-ionstraimí sin a chur chun cinn, le borradh a chur faoin bhfás agus poist a chruthú i limistéir thuaithe. Maidir leis an **Uirlis Cobhsaithe Ioncaim** nua, chuir roinnt toscaireachtaí in iúl go bhfuil siad sceiptiúil maidir leis an tairseach 20 % atá á beartú, á rá go bhfuil an méid sin ag teacht salach ar an díriú ar an margadh i CBT agus go bhféadfadh sé go mbeadh impleachtaí tábhachtacha ann i ndáil le EDT. Tá toscaireachtaí eile ann ar mhaith leo an tairseach sin a fheidhmiú i ndáil le huirlisí eile bainistithe riosca freisin.

Maidir le Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 (an **rialachán "cothrománach"**), cé go bhféadfadh na toscaireachtaí teacht ar chomhaontú maidir leis an nós imeachta atá beartaithe chun an ráta coigeartaithe a shocrú (**sásra smachta airgeadais**), b'fhearr le roinnt toscaireachtaí tuilleadh simpliú a dhéanamh i ndáil le bainistiú **an chúlchiste le haghaidh géarchéimeanna in earnáil na talmhaíochta**, ceist ar gá aghaidh a thabhairt uirthi, áfach, i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar an Rialachán Airgeadais.